

Tús – An Tionscnamh Socrúcháin Oibre Pobail

CEISTEANNA COITIANTA

Roinntear é seo ina thrí chuid.

Pléann Cuid A le ceisteanna de chineál GINEARÁLTA.

Pléann Cuid B le ceist a d'fhéadfadh a bheith ag RANNPHÁIRTITHE ionchasacha.

Pléann Cuid C le ceisteanna agus freagraí a fhéadfaidh ionadaithe ó Eagraíochtaí DEONACHA & POBAIL a tharraingt anuas.

Réamhrá

- Fógraíodh i gCáinainéis Mhí na Nollag 2010 go mbunófaí **Tús** agus sheol an tAire Ó Cuív ar 21 Mí na Nollag 2010 é. Is iad is aidhmeanna le **Tús** ná deiseanna gearrthréimhseacha ardchaighdeáin oibre a chur ar fáil dóibh siúd atá dífhostaithe agus seirbhísí áirithe a chur ar fáil a dhéanfaidh sochar mór do phobail.
- Cé go mbeidh freagracht fós ar an Roinn Coimirce Sóisialaí as **Tús** a oibriú, is iad na Cuideachtaí Forbartha Comhtháite Áitiúla a bhainisteoidh é ar an leibhéal áitiúil, thar ceann na Roinne, agus is é Údarás na Gaeltachta a bhainisteoidh é sa Ghaeltacht.
- Beidh Eagraíochtaí Deonacha & Pobail in ann seirbhísí a fhorbairt agus a sheachadadh go háitiúil agus tairbhe a bhaint as na scileanna agus as an taithí is féidir leis an duine dífhostaithe a chur ar fáil.
- Bainfidh na rannpháirtithe tairbhe as an tionscnamh trí bheith gafa in obair.
- Cuirfidh na rannpháirtithe feabhas ar a n-ullmhacht chun oibre agus beidh siad in ann a scileanna a chur i bhfeidhm agus cinn nua a fhoghlaim.
- Cuirfidh **Tús** dóigh nua ar fáil leis na próisis athbheoite a bheidh á bhfeidhmiú go céimneach faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhostaíocht.
- Beidh sé mar thaca ag gníomhartha rialaithe agus bainistíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí trí shainathint a dhéanamh orthu

siúd nach suim leo dáiríre a bheith ag obair nó orthu siúd a oibríonn sa gheilleagar dubh.

Tá idir aiceann uirbeach agus aiceann tuaithe aige agus tá sé tógtha ar bhonneagar cruthaithe Scéim Shóisialta na Tuaithe.

CUID A – GINEARÁLTA

1. Cad iad aidhmeanna agus cuspóirí *Tús*?

- Seo tionscnamh um ghníomhachtú na ndaoine atá dífhostaithe agus atá ar an mBeochlár. Tacóidh sé le hullmhacht na rannpháirtithe chun oibre.
- Cuirfidh an tionscnamh deiseanna gearrthréimhseacha oiriúnacha ardchaighdeáin oibre ar fáil do na daoine atá dífhostaithe agus san am céanna déanfaidh sé obair thairbheach laistigh de na pobail, agus
- Cuideoidh sé le bainistíocht an Bheochláir agus gníomhóidh sé mar bhac orthu siúd nach mbeidh intofa do shochair leasa.

2. Cé a fhéadfaidh páirt a ghlacadh i d*Tús*?

- Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a roghnóidh na rannpháirtithe, ar an gcéad dul síos, trí chomhlíonadh na gcoinníollacha seo a leanas:
 - Duine atá dífhostaithe ar bhonn leanúnach le 12 mhí anuas ar a laghad agus atá “ag síniú” ar bhonn lánaimseartha, agus
 - A fhaigheann íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta ón Roinn Coimirce Sóisialaí le 12 mhí anuas ar a laghad, agus
 - A fhaigheann an Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta faoi láthair.

3. An gciallaíonn sé seo go ndéanfaidh an Roinn teagmháil le daoine?

- Ciallaíonn.
- Déanfaidh oifigí áitiúla na Roinne teagmháil le daoine a chomhlíonann na critéir.

- Ní dhéanfar teagmháil, áfach, le gach duine a chomhlíonann na critéir, toisc go mbeidh teorainn leis an líon áiteanna a bheidh ar fáil go háitiúil.

4. Cé mhéid áiteanna a bheidh sa Tionscnamh agus conas a lamhálfar iad?

- Tá maoiniú lamháilte ag an Rialtas chun soláthar a dhéanamh do shocrúchán 5,000 duine de réir a chéile san earnáil dheonach agus phobail i dtaca le seirbhísí áitiúla a sheachadadh i gceantair Uirbeacha agus Tuaithe araon. Lamhálfar an 5,000 socrúchán láithreach.
- Bunófar na háiteanna lamháilte ar an líon daoine atá taifeadta mar dhaoine a chomhlíonann na critéir i gcomhair **Tús** laistigh den limistéar oibríthe atá ag gach Cuideachta Forbartha Áitiúil/Údarás na Gaeltachta.

5. Cé chomh sciobtha agus a chuirfear na háiteanna ar fáil?

- Cuirfear na chéad socrúcháin in Eagraíochtaí Deonacha & Pobail ar fáil i rith Ráithe 1/2011 agus ina dhiaidh seo cuirfear i bhfeidhm ar bhonn céimneach é, faoi réir réamhullmhúcháin (is iad sin earcaíocht, grinnfhiosrúchán, próisis ghaolmhara srl.) a thabhairt chun críche.
- Ba chóir go mbeadh **Tús** ag feidhmiú sách sciobtha agus go méadóidh sé go dtí 5,000 socrúchán i gcaitheamh na bliana 2011.

6. Cad é an próiseas roghnúcháin i gcomhair an tionscnaimh?

- Daoine ar an mBeochlár a chomhlíonann na critéir, roghnóidh an Roinn Coimirce Sóisialaí iad, déanfaidh sí teagmháil leo agus tabharfaidh sí an deis dóibh ar a bheith faoi bhreithniú i gcomhair socrúcháin áitiúil de réir mar a thiocfaidh deiseanna chun cinn.
- Nuair a aontóidh na daoine a roghnófar go nglacfaidh siad páirt, seolfar iad chuig an gCuideachta Forbartha Áitiúil/Údarás na Gaeltachta a oibríonn ina gceantar chun go gcuirfear agallamh orthu agus chun go mbreithneofar iad i gcomhair socrúcháin.
- Coinneoidh na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla/Údarás na Gaeltachta painéal a n-earcófar daoine uaidh.

- De réir mar a eascróidh deiseanna socrúcháin, déanfar na daoine ar an bpainéal a chomhoiriúnú leis an obair agus earcófar iad.
- Sula dtairgfear socrúchán, beidh sé riachtanach a chinntiú go bhfaighfear amach faoi oiriúnacht ghinearálta duine don obair a bheidh i gceist agus faoina t(h)aithí ar obair dá leithéid. Déanfaidh an Chuideachta Forbartha Áitiúil/Údarás na Gaeltachta agus an Eagraíocht Dheonach Phobail é seo ar an leibhéal áitiúil.

7. Cén cineál oibre a ghlacfar ar láimh?

Is féidir gach cineál oibre a thairiscint agus is i d'agallamh leis an gComhlacht Forfheidhmithe a thabharfar na sonraí de na poist a bheidh ar fáil. Bunófar an obair sa phobal agus tabharfar iarrachtaí ar do scileanna agus do shuíomh a chomhoiriúnú leis na socrúcháin oibre a bheidh ar fáil. Is dealraitheach go mbainfidh na cineálacha tionscadal a dhéanfar leis na hearnálacha seo a leanas:

- Seirbhísí Comhshaoil (m.s. caomhnú & cothabháil na Siúlbealaí Náisiúnta)
- Seirbhísí Cúraim (m.s. cúram leanaí, cúram do dhaoine scothaosta)
- Seirbhísí Ginearálta Pobail (m.s. nuachtlitir/eolas a chur ar fáil do phobail)
- Seirbhísí Cultúir agus Oidhreachta (m.s. oifigeach eolais i dtionscadal áitiúil oidhreachta)
- Seirbhísí Para-oideachasúla (m.s. naíonraí pobail)

8. An gclúdóidh an Tionscnamh ceantair uirbeacha agus tuaithe?

- Clúdóidh, lamhálfar áiteanna do cheantair uirbeacha agus tuaithe araon ar an mbonn ar a ndéantar cur síos i gCeist 4.

9. An ndéanfar athrú ar Scéim Shóisialta na Tuaithe, ar an gClár Seirbhísí Pobail nó ar an Scéim Fostaíochta Pobail?

- Ní rachaidh an tionscnamh seo i bhfeidhm ar Scéim Shóisialta na Tuaithe, ar an Scéim Fostaíochta Pobail ná ar an gClár Seirbhísí Pobail.

CUID B – RANPHÁIRTITHE

10. Cad iad na riachtanais intofachta?

- **Chun a bheith intofa agus roghnaithe le páirt a ghlacadh, ní mór do dhuine:**
 - A bheith dífhostaithe le 12 mhí ar a laghad agus “ag síniú” ar bhonn lánaimseartha, agus
 - A bheith ag fáil íocaíochta do lucht cuardaigh fostaíochta ón Roinn Coimirce Sóisialaí le 12 mhí ar a laghad, agus
 - A bheith ag fáil an Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta.

11. An mbeidh sé indéanta iarratas a dhéanamh ar pháirt a ghlacadh i dTús?

- Ag féachaint do chineál **Tús**, déanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí teagmháil leo siúd ar an mBeochlár a chomhlíonann na critéir.

12. Cad iad na rátaí pá do rannpháirtithe?

- Beidh rátaí íocaíochta Tús coibhéiseach le do Liúntas reatha do Lucht Cuardaigh Fostaíochta móide breisiú €20 agus €208 is ea an íocaíocht íosta. Tá feidhm ag na rátaí seo maidir le gach rannpháirtí nua a thosaíonn ar 17 Meán Fómhair 2012 nó dá éis sin.

13. Conas a dhéanfar an íocaíocht le rannpháirtithe?

- Is go díreach isteach ina gcuntais bhainc a dhéanfar an íocaíocht le rannpháirtithe (Ríomhaistriú Airgid).

14. An mbeidh ar rannpháirtithe ÍMAT, Muirear Sóisialta Uilíoch agus ÁSPC a íoc?

- Íocfar ranníocaíocht ÁSPC ‘A’ i leith na rannpháirtithe go léir.
- Tá na híocaíochtaí pá le rannpháirtithe inmheasúnaithe chun críocha Cánach Ioncaim (ÍMAT). Is ar dhálaí an duine, áfach, a bhraithfidh an dearbhmhéid is iníochta ag an duine sin.
- Beidh na rannpháirtithe i d**Tús** díolmhaithe ón Muirear Sóisialta Uilíoch a íoc.

15. Cá fhad a mhairfidh an socrúchán seo?

- Mairfidh an socrúchán tréimhse leanúnach bliana amháin (52 sheachtain).

16. Cad a tharlaíonn tar éis an tsocrúcháin bhliana?

- Ar chríochnú an tsocrúcháin bhliana, ba chóir don rannpháirtí teagmháil a dhéanamh lena nOifig Leasa Shóisialaigh áitiúil chun a dteidlíochtaí a shuíomh. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin nach bhféadfadh rannpháirtí páirt a ghlacadh sa Tionscnamh seo arís go ceann 3 bliana ar a laghad.

17. An mbeidh rannpháirtí i dteideal íocaíocht a fháil i gcomhair Laethanta Saoire Bainc?

- Beidh, beidh rannpháirtithe a ndliffeor orthu a bheith ag obair ar Lá Saoire Bainc i dteideal lá saor le pá a fháil ar an lá sin.
- Beidh rannpháirtithe nach ndliffeor orthu a bheith ag obair ar Lá Saoire Bainc i dteideal am in ionad a bheith íoctha leo ar ráta an cúigiú cuid dá n-uaireanta seachtainiúla nó ceithre huaire an chloig.

18. An gceadófar Saoire Bhliantúil i dTús?

- Ceadófar, is éard a bheidh sa teidlíocht ná 10½ lá a bhunaítear ar an íosmhéid reachtúil 20 lá in aghaidh na bliana a bhaineann le fostaíocht lánaimseartha eile.
- Beidh na rannpháirtithe go léir i dteideal saoire bhliantúil a fháil arb éard a bheidh ann go hiomlán ná 8% dá n-uaireanta iomlána a oibreofar thar thréimhse 12 mhí.
- Bainfidh teidlíochtaí *pro rata* saoire bliantiúla le tréimhsí a mhairfidh níos lú ná 12 mhí agus a oibreofar laistigh den bhliain saoire.

19. An leanfar den Liúntas Breosla a íoc le linn do dhuine a bheith i dTús?

- Leanfar, íocfar Liúntas Breosla leo siúd a chomhlíonann na coinníollacha cáiliúcháin ó thaobh an bhreosla ar dhul isteach i dTús dóibh agus leanfar den Liúntas Breosla a íoc leo le linn do theidlíocht ar an Liúntas Breosla a bheith ann. Íocfar é seo leat

in éineacht le d'íocaíocht sheachtainiúil isteach i do chuntas bainc.

20. An mbeidh na rannpháirtithe i dteideal a gCárta Leighis agus a Sochair Thánaisteacha eile a choinneáil?

- Beidh an teidlíocht ar aon cheann de na sochair a luaitear thuas faoi réir na ngnáthphróiseas measúnaithe a bheidh á n-oibriú ag an Limistéar Scéime cuí de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí nó de chuid an Údaráis ábhartha.
- Ceanglófar fós ar rannpháirtithe i d**Tús** cloí leis na téarmaí agus coinníollacha a ghabhann leis na sochair thánaisteacha, mar a leagtar amach chun leanúint de cháiliú d'aon íocaíocht dá leithéid.
- Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) freagrach as na Cártaí Leighis agus braitheann an teidlíocht ar dhálaí pearsanta.

21. Cad a tharlaíonn má thairgtear áit do dhuine agus más amhlaidh nach mbaineann sé/sí leas aisti?

- Tá sé éigeantach go bhfreagrófar ar aon tairiscint ón Roinn Coimirce Sóisialaí chun páirt a ghlacadh i d**Tús** toisc nach mór do gach duine a fhaigheann tacaíocht do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a bheith gafa leis na próisis a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhostaíocht.
- Ní mór freisin do dhuine a fhaigheann an Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a bheith ar lorg fostaíochta go gníomhach fírinneach chun deimhin a dhéanamh dá (h)intofacht leanúnach don íocaíocht seo.
- Má dhiúltaíonn duine deis oibre, gan chúis mhaith, cuirfear ainm an duine sin chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí chun go ndéanfar an beart cuí dá thoradh sin.
- Mura nglacfaí le deis oibre, b'fhéidir go gcaillfí nó go laghdófaí sochair leasa shóisialaigh, mar a fhoráiltear sna hAchtanna Leasa Shóisialaigh.
- Má laghdaítear íocaíocht leasa shóisialaigh nó má chuirtear deireadh léi gan chúis réasúnach, toisc gur dhiúltaigh duine áit i d**Tús**, is ceadmhach dó/di an cinneadh seo a achomharc chuig an Oifig Neamhspleách Achomharc Leasa Shóisialaigh laistigh de 21 lá.
- D'fhoráil an tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2010 do smachtbhannaí, faoi réir tionscnaimh, i gcás daoine dífhostaithe ar an mBeochlár a dhiúltaíonn gan chúis réasúnach

comhoibriú leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhostaíocht agus/nó le hidirghabhálacha cuí oiliúna, oideachais agus fostaíochta.

22. An féidir le céile rannpháirtí páirt a ghlacadh in ionad an duine a roghnaigh an Roinn?

- Ní féidir. Ní féidir ach leis an duine a chomhlíonann na coinníollacha intofachta agus a roghnaítear páirt a ghlacadh.

23. An féidir leis an rannpháirtí obair eile a dhéanamh le linn dó/di páirt a ghlacadh i dTús?

- Le linn do rannpháirtithe a bheith i d**Tús**, beidh siad in ann breithniú a dhéanamh ar fhostaíocht tráchtála agus tacófar leo chun é sin a dhéanamh. Ní foláir obair dá leithéid, áfach, gan a bheith ag cur isteach ar obair an rannpháirtí i d**Tús** ná ar na tráthanna a mbeifear ag súil leis go mbeidh sé/sí ag obair i d**Tús** mar beidh an obair seo mar phríomhobair nó mar phríomhioncam ag an rannpháirtí agus ní mór don rannpháirtí gealltanas a thabhairt go gcuirfidh sé/sí aon obair eile in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim chun deimhin a dheanamh de go mbeidh sé/sí cáin-chomhlíontach agus mar sin de.
- Le linn do rannpháirtithe páirt a ghlacadh i d**Tús**, is ceadmhach do rannpháirtithe deireadh a chur lena gconradh má thairgtear a mhalairt de phost tráchtála nó d'oiliúint tráchtála dóibh.

24. Cén obair a ghlacfaidh na rannpháirtithe ar láimh?

- Is éard a bheidh san obair a ghlacfaidh na rannpháirtithe i d**Tús** ar láimh ná raon leathan oibre pobail mar a leagtar amach i gCeist 7.
- Comhlíonfaidh na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla/Údarás na Gaeltachta feidhm lárnach ó thaobh Eagraíochtaí Deonacha & Pobail agus deiseanna oibre a shainaithint. Ní foláir na deiseanna oibre a roghnófar:
 - Gan a bheith ag gabháil áit na gníomhaíochta tráchtála reatha ná ag dúbláil na seirbhíse a bheidh á cur ar fáil ag gníomhaireacht eile
 - A bheith de chaighdeán leordhóthanach
 - A bheith ag déanamh cion suntasach oibre laistigh de na pobail, agus
 - A bheith ag tacú leis an obair dheonach.

CUID C – EAGRAÍOCHTAÍ DEONACHA & POBAIL

25. Cén cion feidhme a bheidh ag na hEagraíochtaí Deonacha & Pobail?

- Is é a bpríomhchion feidhme ná socrúcháin oibre a thabharfaidh deiseanna luachmhara oibre do rannpháirtithe i suíomhanna ardchaighdeán oibre a mholadh agus a chur ar fáil.

26. Conas a shannfar na rannpháirtithe do na hEagraíochtaí Deonacha & Pobail?

- Ba chóir d'Eagraíochtaí Deonacha & Pobail a mbeadh deis socrúcháin oibre acu an deis seo a chlárú leis an gCuideachta Forbartha Áitiúil/Údarás na Gaeltachta a oibríonn ina gceantar féin.
- Ansin beidh orthu togra mionsonraithe oibre ina ndéanfar cur síos ar an obair a ghlacfar ar lámh, ar líon na rannpháirtithe a bheidh á lorg srl. a chur faoi bhráid na Cuideachta Forbartha Áitiúla/Údarás na Gaeltachta.
- Tar éis an mheasúnaithe, cuirfidh an Chuideachta Forbartha Áitiúil/Údarás na Gaeltachta a gcinneadh in iúl do na hEagraíochtaí Deonacha & Pobail.

27. An mbeidh costais ar na hEagraíochtaí Deonacha & Pobail?

- Braithfidh sé seo ar chineál na hoibre agus ar líon na rannpháirtithe a shannfar.
- Beidh ar na hEagraíochtaí Deonacha & Pobail go léir ranníocaíocht a dhéanamh, ranníocaíocht a mheasúnófar ar an mbonn go mbeidh gach cás á mheas ar a fhiúntas féin.

28. An gcuirfear maoiniú ar fáil chun costais a ghlanadh?

- De ghnáth, beidh Eagraíochtaí Deonacha & Pobail freagrach as na costais nach mbeidh sé d'acmhainn ag **Tús** iad a íoc.
- Cuirfear maoiniú ar fáil i ndálaí ar leith as buiséad ábhar a bheidh faoi chothabháil ag an gCuideachta Forbartha Áitiúil/Údarás na Gaeltachta i ngach ceantar.

29. Cé mhéid uaireanta a bheidh ar rannpháirtithe a dhéanamh?

- Ní mór do na rannpháirtithe 19½ uaire an chloig a dhéanamh in aghaidh na seachtaine agus beidh na huaireanta oibre faoi réir an tsocrúcháin oibre. Is féidir obair a chur ar fáil i gcaitheamh na seachtaine iomláine agus i gcaitheamh an lae iomláin oibre, agus uaireanta sínte san áireamh.
- Cé nach mbeidh sé seo indéanta i gcónaí, is féidir go mbeidh na rannpháirtithe in ann a n-uaireanta a dhéanamh ar bhonn solúbtha, faoi réir chomhaontú na mbainisteoirí áitiúla.

30. An mbeidh teorainn le líon na socrúcháin a bheidh ar fáil do na hEagraíochtaí Deonacha & Pobail?

- Beidh líon na rannpháirtithe i gcoibhneas leis an obair a bheidh le glacadh ar láimh agus leis an timpeallacht oibre i ngach Eagraíocht.
- Mar a shonraítear i gCeist 26, measúnóidh an Chuideachta Forbartha Áitiúil/Údarás na Gaeltachta gach socrúchán oibre ar an mbonn go mbeidh gach cás á mheas ar a fhiúntas féin agus déanfar athbhreithniú bliantúil air.